Éagóir á déanamh ar oibrithe

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi mhí-úsáid i measc oibrithe sa láthair oibre. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus leis an duine in aice leat brí na bhfocal seo a aimsiú?

1. grúpa feachtais _____
2. an earnáil fáilteachais _____
3. ciapadh gnéis (gnéasach) _____
4. údar gearáin _____
5. gur fhulaing _____
6. ceal fianaise _____
7. tagtha chun solais _____
8. feasacht _____
9. caith go maith le _____
10. truamhéalach _____
11. tuillte _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

Ceist 2 Éist leis an mír arís, agus ansin pléigh ábhar na míre leis an duine in aice leat.

Ceist 3 Féach ar an mír arís, agus freagair na ceisteanna seo thíos.

1. Cá ndearnadh an suirbhé agus cad a léiríonn torthaí an tsuirbhé?
2. Cad iad na figiúirí a luadh sa mhír agus cad a léiríonn siad?
3. Cad a bhí le rá ag Trevor Ó Clochartaigh agus ag Eva Ní Mhistéil?
4. Cé a bheidh ag an gcruinniú i gCathair na Gaillimhe anocht?

Ceist 4 '…déanfar…'

A. Cén aimsir atá i gceist sa sampla thuas?

B. Bain úsáid as na briathra thíos chun na deirí san aimsir chéanna a léiriú. Tá an chéad cheann déanta duit!

Dún	**Bris**
dúnfaidh mé dúnfaidh tú dúnfaidh sé dúnfaidh sí dúnfaimid dúnfaidh sibh dúnfaidh siad <u>Sb.</u> dúnfar <u>An fhoirm cheisteach</u> An ndúnfaidh…?	

Ceannaigh	**Léirigh**

Ceist 5 '…beidh…'

A. Cad faoi na briathra mírialta san aimsir fháistineach? Líon na bearnaí sa tábla leis an bhfoirm cheart den bhriathar san aimsir fháistineach.

	An cheist	**Na freagraí**
Abair	An ndéarfaidh tú…?	
Beir		Béarfaidh./Ní bhéarfaidh.
Bí	An mbeidh sé…?	
Clois		Cloisfidh./Ní chloisfidh.
Déan	An ndéanfaidh sibh…?	
Faigh		Gheobhaidh./Ní bhfaighidh.
Feic	An bhfeicfidh siad…?	
Ith		Íosfaidh./Ní íosfaidh.
Tabhair	An dtabharfaidh tú…?	
Tar		Tiocfaidh./Ní thiocfaidh.
Téigh	An rachaidh sí…?	

B. Cuir ceisteanna ar an duine in aice leat faoi na pleananna atá aige nó aici don samhradh. Mar shampla:

An mbeidh tú ag obair an samhradh seo?
An rachaidh tú thar lear i mbliana?
An dtiocfaidh cuairteoirí ar bith chugat don samhradh?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad é an post is measa a bhí agat riamh? Cén fáth?
2. An gcaitear níos measa le hoibrithe san earnáil fáilteachais ná mar a chaitear le hoibrithe in earnálacha eile, dar leat? Cén fáth?
3. Deirtear gur obair chrua í an obair san earnáil fáilteachais. Cén fáth a ndeirtear amhlaidh, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. grúpa feachtais	*campaign group*
2. an earnáil fáilteachais	*the hospitality sector*
3. ciapadh gnéis (gnéasach)	*sexual harassment*
4. údar gearáin	*cause for complaint*
5. gur fhulaing	*that suffered*
6. ceal fianaise	*lack of evidence*
7. tagtha chun solais	*come to light*
8. feasacht	*awareness*
9. caith go maith le	*treat well*
10. truamhéalach	*pathetic*
11. tuillte	*deserved*

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
A. An aimsir fháistineach.

B.

Dún	**Bris**
dúnfaidh mé	brisfidh mé
dúnfaidh tú	brisfidh tú
dúnfaidh sé	brisfidh sé
dúnfaidh sí	brisfidh sí
dúnfaimid	brisfimid
dúnfaidh sibh	brisfidh sibh
dúnfaidh siad	brisfidh siad
Sb.	Sb.
dúnfar	brisfear
An fhoirm cheisteach	An fhoirm cheisteach
An ndúnfaidh…?	An mbrisfidh...?
Ceannaigh	**Léirigh**
ceannóidh mé	léireoidh mé
ceannóidh tú	léireoidh tú
ceannóidh sé	léireoidh sé
ceannóidh sí	léireoidh sí
ceannóimid	léireoimid
ceannóidh sibh	léireoidh sibh
ceannóidh siad	léireoidh siad
Sb.	Sb.
ceannófar	léireofar
An fhoirm cheisteach	An fhoirm cheisteach
An gceannóidh...?	An léireoidh...?

Ceist 5
A.

	An cheist	**Na freagraí**
Abair	An ndéarfaidh tú…?	Déarfaidh./Ní déarfaidh.
Beir	An mbéarfaidh siad…?	Béarfaidh./Ní bhéarfaidh.
Bí	An mbeidh sé…?	Beidh./Ní bheidh.
Clois	An gcloisfidh sí….?	Cloisfidh./Ní chloisfidh.
Déan	An ndéanfaidh sibh…?	Déanfaidh./Ní dhéanfaidh.
Faigh	An bhfaighidh tú…?	Gheobhaidh./Ní bhfaighidh.
Feic	An bhfeicfidh siad…?	Feicfidh./Ní fheicfidh.
Ith	An íosfaidh sé…?	Íosfaidh./Ní íosfaidh.
Tabhair	An dtabharfaidh tú…?	Tabharfaidh./Ní thabharfaidh.
Tar	An dtiocfaidh sibh…?	Tiocfaidh./Ní thiocfaidh.
Téigh	An rachaidh sí…?	Rachaidh./Ní rachaidh.

Níor cheart forainm (**sé**, **sí**, etc.) a úsáid agus freagra dearfach nó diúltach á thabhairt ar cheist san aimsir fháistineach.

B. Gníomhaíocht chainte atá i gceist.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Léiríonn suirbhé atá déanta ag grúpa feachtais i measc oibrithe san earnáil fáilteachais i gCathair agus i gContae na Gaillimhe go bhfuil mí-úsáid á baint[1] go forleathan as oibrithe sa tionscal. Tá mí-úsáid ó bhéal agus mí-úsáid fhisiciúil, chomh maith le ciapadh gnéis agus deacrachtaí le coinníollacha oibre, i measc na n-údar gearáin atá ag oibrithe. Déanfar plé ar an ábhar ag cruinniú i gCathair na Gaillimhe anocht.

Máire T. Ní Mhadaoin
Os cionn ceithre chéad oibrí i gCathair agus i gContae na Gaillimhe a ghlac páirt i suirbhé a rinneadh[2] mar thoradh ar ghearáin a tháinig chun cinn faoi mhí-úsáid san earnáil fáilteachais.

Léiríonn na figiúirí atá feicthe ag Nuacht TG4 agus a chuirfear ar fáil go poiblí ag cruinniú sa gcathair[3] anocht, gur fhulaing 78% de na hoibrithe a ghlac páirt sa suirbhé mí-úsáid ó bhéal. D'fhulaing 36% acu ciapadh gnéis. Anuas air sin, le teann faitís nó ceal fianaise, níor thuairiscigh 60% de na hoibrithe an méid a tharla dóibh.

Tá feachtas curtha ar bun ag iar-oibrithe san earnáil, le tacaíocht ó pholaiteoirí áitiúla, féachaint le haghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí atá tagtha chun solais.

An Seanadóir, Trevor Ó Clochartaigh, Sinn Féin
Bhuel, is léir go bhfuil deacrachtaí móra in earnáil an fháilteachais anseo i nGaillimh. Is éard atá muid ag iarraidh a dhéanamh ag an gcruinniú anocht ná feasacht na n-oibrithe[4] a ardú maidir leis na cearta atá acu, dul i ngleic leis na deacrachtaí atá san earnáil agus aitheantas a fháil ón earnáil go bhfuil fadhbanna ann. Agus ansin, feachtas dearfach a chur ar bun le tacú leis na bialanna agus na tithe a thugann cearta oibrithe ar bord agus a chaitheann go maith le hoibrithe, agus tacaíocht dá réir a thabhairt dóibh sin.

Máire T. Ní Mhadaoin
Anuas air sin, deir an Seanadóir Ó Clochartaigh, go bhfuil cuid de na scéalta pearsanta atá ag teacht chun cinn scanrúil agus truamhéalach. Agus tá moladh tuillte, a deir sé, ag na hoibrithe atá chun labhairt amach ag cruinniú na hoíche anocht.

Eva Ní Mhistéil, Co. Thiobraid Árann
Bhí mé ag obair sa tionscal ar feadh sé bliana. Tharla drochrudaí domsa agus do na daoine a bhí ag obair liom. Níl sé ceart agus sin é an fáth go[5] bhfuil mé ag labhairt amach.

Máire T. Ní Mhadaoin
Chomh maith le hiar-oibrithe san earnáil, beidh ionadaithe ceardchumainn, lucht ollscoile, ionadaí ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus neart eile i láthair ag cruinniú na hoíche anocht.

Máire T. Ní Mhadaoin, Nuacht TG4 i nGaillimh.

[1] *á bhaint* a deirtear
[2] *a dearnadh* a deirtear
[3] Córas Chonnacht
[4] *na hoibrithe* a deirtear
[5] *an fáth **a** bhfuil* an leagan caighdeánach